# Aighneacht POBAL ar Athbhreithniú ar an Fhóram Saoránaíochta

POBAL
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich
216 Bóthar na bhFál
Béal Feirste BT12 6AH
Teil: 028 90 438132
eolas@pobal.org
www.pobal.org

**POBAL – scátheagras phobal na Gaeilge i dTÉ**

1.0 Cúlra

Ráiteas Misin POBAL

"Forbairt na Gaeilge a sheoladh isteach i sochaí úr iomlánaithe."

- ag cur cearta na nGael ar an chlár
- ag tógáil comhpháirtíochtaí idir pobal na Gaeilge agus áisineachtaí reachtúla, deonacha agus rialtais
- ag cur le cumas phobal na Gaeilge trí phleanáil áitiúil, éascaitheoireacht agus thograí
- ag cothú comhoibrithe idir grúpaí Gaeilge ar an talamh, sna cathracha, sna bailte agus sna bailte fearainn
- ag soláthar fóraim daonlathaigh ionadaíoch

Príomh-réimsí Oibre

Bunaíodh POBAL i mí Eanáir 1998. Páirtíocht ionadaíoch é POBAL, a thugann treoir straitéiseach agus a chuireann ar fáil fóram daonlathach do na dreamanna a chruthaigh tionscadail rathúla shóisialta, gheilleagracha, ealaíonta agus oideachasúla do phobal na Gaeilge i dtuaisceart na hÉireann. Tá POBAL ann le leas an phobal Gaelaigh agus leas ár mballraíochta a chur chun cinn. Tá dhá ghné den obair s'againne: abhcóideacht (Acht na Gaeilge TÉ, monatóireacht ar chur i gcríoch Chairt na hEorpa do Theangacha Reigiúnda nó Mionlaigh, polasaithe agus straitéisí rialtasacha san áireamh) agus tacaíocht straitéiseach dár mballraíocht. Chomh maith leis seo, reáchtálaíonn muid Ród Seó na nEalaíon gach bliain agus tá muid faoi láthair i mbun taighde ar Shainriachtanais an Pháiste Dhátheangaigh, taighde atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais.

Príomhghníomhaíochtaí 2007 - 8

- Comhordú agus ceannródaíocht ar ghach ghné den obair ar Acht na Gaeilge TÉ

- Ullmhaíodh moltaí maidir le daighniú níos láidre ar Chuid III den Chairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh i leith na Gaeilge
- Seoladh togra nua, 'Tá' le deis a thabhairt do réimse leathan daoine tacú leis an Ghaeilge

## 2.0 An Fóram Saoránaíochta

Sular ceapadh Janet Muller ag an earnáil dheonach mar ionadaí na Gaeilge don Fhóram Saoránaíochta, bhí POBAL gníomhach sa phróiseas toghchánaíochta / roghnaíochta san earnáil seo. Próiseas casta, doiléir a bhí ann, a chruthaigh deacrachtaí don earnáil féin. Tá sé tábhachtach próiseas níos trédhearcaí agus níos sóiléire a aimsiú an chéaduair eile.

Rinneadh a lán oibre mhaith le linn don chéad Fhóram a bheith ag feidhmiú. Ach, bhí sé soiléir go raibh easpa muiníne ag roinnt i bhfeidhmiú an Fhóraim saor ó chonstaicí polaitiúla. Bhí míshásamh ann chomh maith ó ham go chéile faoi iompair an chathaoirligh. Is féidir, ar ndóigh, nach raibh aon bhunús le buarthaí na mball. Léiríonn sé, áfach go gcaithfear an Fhóram a bheith go hiomlán neamhspleách agus saor ó chur isteach ó pholaíteoirí agus ó stát seirbhísí nach dtacaíonn le concheap agus le gníomhartha an Fhóraim.

Creideann POBAL go gcaithfidh Athbhreithniú ar an Fhóram Saoránaíochta athbhunú an Fhóraim a mholadh. Tá an reachtaíocht faoina bunaíodh an Fhóram go fóill i bhfeidhm agus le linn don Tionól a bheith ar fionraí agus ó athbhunaíodh é i mí Bealtaine 2007, d'éirigh sé soiléir cé chomh tábhachtach is atá sé ionchur a bheith ag an sochaí saoránaíochta i bhforbairt na síochána agus i dtógail na sochaí úire.

Thig leis an Fhóram Saoránaíochta luach breise a thabhairt don phróiseas polaitíochta. Ní sheasfadh sé in áit an Tionóil, agus ní bheadh sé mar úirlís stocaireachta ar na páirtithe polaitiúla ach an oiread, ach thabharfadh sé guth don phobal agus do na chomhpháirtithe saoránaíochta: an earnáil dheonach, na ceard chumainn, an earnáil ghnó srl. Chomh maith leis na dreamanna so-aitheanta seo, is léir gur chóir ionadaithe na Gaeilge a bheith ann chomh maith le hionadaithe na ngrúpaí atá aitheanta faoi mhír 75.

Tagraim do mholadh NICVA gur chóir Comhairle Náisiúnta Eacmaíoch agus Sóisialta na hÉireann a bheith mar eiseamláir don Fhóram nua saoránaíochta agus creideann muid go gcaithfear nascanna uile-Éireannacha a fhorbairt idir an Comhairle agus an Fhóram nua.

Le linn do phróiseas feidhmithe an Fhóraim, rinneadh bearta ar leith le húsáid na Gaeilge san Fhóram Saoránaíochta a éascú. Cuireadh aistriúchán comhuaineach ar fáil ag gach Ollchruinniú

an Fhóraim agus glacadh le polasaí teanga, bunaithe ar dea-chleachtas agus ar na dualgais atá ar áisínteachtaí stait agus poiblí faoi Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnda nó Mionlaigh. Anois, seacht mbliain i ndiaidh bhunú an Fhóraim, caithfear a aithint go bhfuil fás suntasach ar phobal na Gaeilge agus nuair a athbhunaítear an Fóram, beidh gá le tógáil ar an pholasaí Ghaeilge dá réir.

Maidir le ról an Fhóraim, tá sé de bhua aige a bheith in ann cur chuige iomlánaithe a ghlacadh i dtaca le mórcheisteanna teanga, cultúrtha, eacnaíochta agus sóisialta agus ar cheisteanna a thrasnaíonn ranna rialtais. Thiocfadh leis an Fhóram 'smaointe gheala gorma' a spreagadh. Chomh maith leis sin, ba chóir go dtiocfadh leis an Fhóram osradharc níos faide ná 'tréimhse rialtasach' a ghlacadh ar cheisteanna conspóideacha nó ar cheisteanna a bhfuil pleanáil níos fadtéarmaí de dhíth: mar shampla: imshaol, forbairt phobal labhartha Gaeilge.

Níor chóir don Fhóram a bheith i gcomórtas leis an Tionól, ná ag imirt ról an Fhreasúra, ach caithfear a aithint go bhfuil bealach de dhíth le haer glan a thabhairt isteach sa sochaí seo agus le héileamh ó chúngshuimeanna na bpáirtithe polaitiúla. Níor chóir aon bhac a bheith ag an Fhóram ról dúshlánach, ceannródaíoch a ghlacadh.

## 3.0 Conclúid

Caithfear an Fóram Saoránaíochta a athbhunú le guth a thabhairt don sochaí ar fhorbairt an tuaiscirt taobh istigh don chomthéacs uile-oileánda agus i gcomhthéacs an caidreamh iarthar-oirthear.